# Líonra bus arna dhearadh do thodhchaí na Gaillimhe.

## Fáilte chuig do Líonra Bus Nua

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

BUS CONNECTS GAILLIMH
IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

**Is eolas é seo atá Furasta a Léamh maidir le gréasán bus nua le haghaidh na Gaillimhe.**

# Cad é BusConnects?

Is plean é BusConnects chun seirbhísí bus i gcathracha in Éirinn a fheabhsú.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair, nó ÚNI, i bhfeighil iompair phoiblí na hÉireann.
Tá BusConnects á bhainistiú ag an ÚNI.

Tá BusConnects mar chuid do Phlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais 2021 go 2030.
Is cuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 é

Íocfaidh Tionscadal na hÉireann 2040 as BusConnects.

# BusConnects na Gaillimhe?

Tá clár BusConnects ag an ÚNI do Ghaillimh.



Beidh gréasán bus nua ar fáil i nGaillimh.




Is cuid de Straitéis Iompair do Limistéar Chathair na Gaillimhe é seo.



Ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil iompar poiblí ar fáil don oiread daoine agus is féidir i nGaillimh.

# Athdhearadh ar an nGréasán



Is é an gréasán na bealaí agus na hamchláir a leanann na busanna. Cuirtear feabhas ar ghréasán bus mar gheall ar athdhearadh agus feabhsaíonn sé é.

D'oibrigh an ÚNI, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae na Gaillimhe, City Direct agus Bus Éireann le chéile ar an athdhearadh gréasáin.

D'fhéach siad ar:

- na bóithre a leanann na busanna
- na háiteanna a dtéann na busanna
- an dóigh a n-aistríonn daoine ó bhus go bus
- amchláir na mbusanna
- stadanna bus

# Conas a thiocfaidh feabhas ar sheirbhís bus i nGaillimh?

9

Tá BusConnects na Gaillimhe roinnte ina 9 gcuid.



1. Athdhearadh nua le haghaidh na ngréasán bus



2. Lánaí bus nua, ar a dtugtar conairí bus, agus lánaí rothar nua

3. Córas ticéid nua

4. Bealaí le n-íoc as do thicéad gan airgid tirim a úsáid

5. Táillí bus simplí

6. Busanna nua

7. Stadanna bus nua le comharthaí agus eolas níos soiléire

8. Áiteanna nua le Páirceáil agus Taistil Is éard atá i gceist le Páirceáil agus Taistil ná do charr a pháirceáil lasmuigh de lár na cathrach agus dul ar an mbus.

9. Busanna atá níos fearr don chomhshaol.

# Cad iad na buntáistí maidir leis an ngréasán bus nua?




Beidh níos mó seirbhísí bus ar fáil do Chathair na Gaillimhe.

Beidh bealach bus 24 uair nua ar fáil.




Beidh níos mó seirbhísí ar fáil ag an deireadh seachtaine

Beidh bealaí níos gasta i gceist agus bealaí ar féidir leat brath orthu. Beidh bealaí ar fáil gach 15 nóiméad nó níos fearr ná sin.

# Cad iad na buntáistí maidir leis an ngréasán bus nua?

Beidh daoine ag fanacht ar feadh tréimhsí níos giorra le haghaidh bus.



Beidh tuilleadh bealaí ar fáil athógann tú díreach go dtí an áit atá de dhíth ort.

Beidh níos mó daoine in ann iompar poiblí a úsáid chun dul ag obair.

Beidh sé níos éasca an gréasán a thuiscint.

# Ag taisteal le BusConnects na Gaillimhe




Beidh uimhreacha bealaigh nua ag BusConnects na Gaillimhe. Cabhróidh sé seo leat an difear a aithint idir na bealaí reatha agus na bealaí nua sa phlean.




Beidh ticéad 90 nóiméad ar fáil chun turais bus agus traenacha comaitéireachta a chlúdach.

Tá sé i gceist ag an ÚNI tús a chur le cur chun feidhme Gréasán Bus Nua na Gaillimhe idir 2025 agus 2026. Tabharfaidh seo go leor ama duit na bealaí nua agus na huimhreacha bus nua a fhoghlaim.

# Conas a tháinig muid anseo?

Thosaigh an ÚNI comhrá leis an bpobal faoi BusConnects na Gaillimhe i mí Aibreáin agus Bealtaine 2023. Thug go leor daoine a dtuairimí ar an ngréasán bus nua.

D’éist muid le bhur ndearcthaí agus bhur dtuairimí.




Chuir muid bhur ndearcthaí agus bhur dtuairimí san áireamh agus muid ag pleanáil agus ag dearadh an ghréasáin.

Tá leabhráin agus mapaí ar fáil a léiríonn na bealaí bus nua i do cheantar.

# Cad é an chéad chéim eile?

Ba mhaith leis an ÚNI tús a chur leis an ngréasán bus nua i nGaillimh i 2025.



Cuirfidh an ÚNI tús le hobair ar na conairí iompair, mar chuid de BusConnects. Déanfaidh na conairí seo taisteal ar bhus níos gasta.

Déanfar an chuid eile den Chlár BusConnects, amhail táillí simplí, a chur chun feidhme leis an ngréasán bus nua.

Leis an tuairisc iomlán a aimsiú agus an mapa ar líne a úsáid, téigh chuig: **https://busconnects.ie/cities/galway/galway-bus-network-redesign/**

# Tuilleadh eolais

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair an tuairisc seo le chéile.

Chabhraigh ACE Communication leis an Tuairisc Éasca le Léamh seo.

Chuir Experts by Experience eolas leis an tuairisc seo.

www.busconnects.ie

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

Made with PhotoSymbols®